Hi Úna, mar is eol duit, chuir OPT na Gaillimhe mar ghrúpa, agus cuid againn mar OPT aonaracha aighneachtaí istreach maidir leis an bPlean Forbartha 2022-28. Táim anois ag breathnú ar an ndréacht phlean, agus ag iarraidh a fháil amach ar glacadh le mo mholtaí (féach thíos), go mór mór iad sin a bhaineann le tithíocht. Ní fheicim aon tagairt sa dréacht do Ráiteas Tionchar Teanga, ná do Clásal Feidhme Teanga. Níl a fhios agam an é nach bhfuil mé ag breathnú san áit ceart. An mbeifeá in ann aon chúnamh a thabhairt dom? Míle buíochas! Majella

**Moltaí ó Oifigeach Pleanála Teanga na Ceathrún Rua:**

1. Moltar go gcuirfí i bhfeidhm polasaí na Comhairle Contae agus an Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara agus go mbeidh sráidbhaile na Ceathrún Rua mar an príomh-shráidbhaile i nGaeltacht Chonamara agus mar lárionad seirbhísí don Ghaeltacht.

2. Maidir le Ráitis Tionchar Teanga, moltar go mbeidh sé luaite go sonrach sa Phlean Forbartha 2022-2028 go mbeidh an Ráiteas réitithe ag saineolaí sa réimse Sochtheangeolaíocht nó Phleanáil Teanga; go gcruthódh an Ráiteas go rachadh an fhorbairt sin chun socair na Gaeilge go háitiúil; agus go mbeidh an té ceapaithe go néamh spleách ag an gComhairle Chontae, seachas a bheith ceapaithe ag an bhforbróir, le coimhlint leasa a sheachtaint.

3. Moltar go mbeidh Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm mar atá sa Phlean Forbartha 2015-2021.

4. Maidir le hinniúlacht sa teanga agus measúnacht tionchar teanga á déanamh, moltar gur gá inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001) mar chaighdeán inghlactha.

5. Moltar go dtabharfaí tús áite don infreastruchtúr glas agus gorm, i gcomhthéacs a tábhacht i gcúrsaí turasóireachta, i gcúrsaí timpeallachta agus i gcomhthéacs folláine an phobail.

6. Moltar go dtabharfaí an t-aitheantas agus an tacaíocht cuí do thograí cosúil le Bealach Slí Chonamara, Bealaí Rothaíochtaí i gConamara Theas agus Áiseanna siúlóide don phobal.